Treoirleabhar ar chóras oideachais na hÉireann

Tabhair do d'aire:

Is treoir do thuismitheoirí iad na ceisteanna agus na freagraí atá ar na leathanaigh seo. Rinneamar iad chomh soiléir agus a d'fhéadfaimis. Eolas ginearálta atá ann agus, mar sin de, seans nach bhfreagrófar na ceisteanna uile atá agat ann. Féadann roinnt dár seirbhísí agus dár scéimeanna bheith casta agus seans nach gcumhdóidh an t-eolas atá anseo gach rud is gá duit bheith ar eolas agat. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar ár suíomh gréasáin www.education.ie nó is féidir leat dul i dteagmháil linn. Gheobhaidh tú na sonraí teagmhála do gach seirbhís sa chuid sin dár suíomh gréasáin dar teideal Ag dul i dteagmháil linn.

Rinneamar ár ndícheall a chinntiú go bhfuil an t-eolas seo ceart agus cothrom le dáta.

Dul ar scoil *5*
Cad is brí do bhunscolaíocht agus d'iarbhunscolaíocht? 5
An gcaithfidh mé íoc le mo pháiste a chur ar scoil? 5
Cén uair is gá do mo pháiste tosú ar scoil? 5
Cén aois ar féidir le páiste an scoil a fhágáil? 6
Cé atá freagrach as freastal mo pháiste ar scoil? 6
Cén áit ar féidir liom eolas a fháil ar réamhscolaíocht agus oideachas luathbhlianta? 6
Mo pháiste áit a fháil ar scoil *6*
Cé acu scoil a bhfreastalóidh mo pháiste uirthi? 6
Cad é mar a chláróidh mé mo pháiste i scoil? 6
Cad is beartas iontrála ann? 7
An féidir liom achomharc ina haghaidh má dhiúltaíonn scoil mo pháiste a chlárú? 7
An bhfuil cineálacha éagsúla scoile ann? 8
Cad is meastóireacht scoile uile ann? 8
Cén áit ar féidir liom teacht ar thuarascálacha cigireachta scoile? 9
Cá fhad atá an lá scoile? 9
Struchtúr foirne agus bainistíocht scoile (Bunscoileanna) *10*
Cén struchtúr foirne atá i mBunscoil? 10
Cé hé an Pátrún? 10
Cad é an bord bainistíochta? 10
Struchtúr foirne agus bainistíocht scoile (Iarbhunscoileanna) *11*
Cén struchtúr foirne atá in Iarbhunscoil? 11
Dúnadh scoileanna agus laethanta saoire scoile *11*
Cad iad na téarmaí scoile? 11
Conas a bheidh a fhios agam faoi laethanta saoire le linn na bliana? 12
Cá mhéad lá a bheidh an scoil ar oscailt i rith na bliana? 12
Cén rang ina gcuirfear mo pháiste? 12
An féidir le mo pháiste bliain a athdhéanamh? 12
Cad a fhoghlaimeoidh mo pháiste ar an mBunscoil? 12
Cad a fhoghlaimeoidh mo pháiste ar an Iarbhunscoil? 13
An gcaithfidh mo pháiste Gaeilge a fhoghlaim? 13
Cé a mhúinfidh mo pháiste? 14
Conas a dhéantar measúnú ar pháistí ar scoil? 14
An mbíonn cruinnithe ag tuismitheoirí leis na múinteoirí? 16
Conas a dhéanann scoileanna cumarsáid le tuismitheoirí? 16
An bhfaighidh mé tuairisc scríofa ar dhul chun cinn mo pháiste? 16
An mbeidh ar mo pháiste obair bhaile a dhéanamh? 17
Cad a dhéanfaidh mé má bhíonn fadhb ag mo pháiste ? 17
Cad is féidir leis an scoil a dhéanamh má cheapaim go bhfuil drochíde á tabhairt do mo pháiste? 17
Cé a bhíonn ag plé le hábhair imní faoi chosaint leanaí i scoil? 18
An féidir liom ábhar imní faoi chosaint leanaí a thuairisciú go díreach le Seirbhísí Páistí agus Teaghlaigh an FSS ? 18
An gcaithfidh mo pháiste éide scoile a chaitheamh? 19
An féidir liom cuidiú a fháil le híoc as an éide scoile? 19
An féidir liom cuidiú a fháil le costas na leabhar scoile? 19
Cad é beartas na scoile ar scagthástáil sláinte agus imdhíonadh? 19
Cad é mar is féidir liom tacú le múinteoirí agus leis an bpríomhoide? 20
Bulaíocht agus smacht *20*
Cad is bulaíocht ann? 20
Cé atá freagrach as plé le bulaíocht i scoileanna? 20

Cén áit ar féidir liom eolas a fháil ar bhulaíocht i scoileanna? 21
Cad é mar is féidir liom gearán a dhéanamh faoi mhúinteoir nó faoin scoil? 21
Conas a thugann scoileanna luach a saothair do dhaltaí agus cad é mar a smachtaítear iad? 21
An gcaithfidh scoileanna cód smachta a bheith acu? 22
Iompras scoile (féach freisin Seirbhísí speisialta agus tacaíocht bhreise) *22*
An bhfuil mo pháiste i dteideal iompras scoile? 22
Conas is féidir liom iompras scoile a fháil? 23
Cuir i gcás nach bhfuil aon iompras scoile ann? 23
Cuir i gcás go gcónaím níos lú na 3.2 ciliméadar ón scoil is gaire dom? 23
Cén áit ar féidir liom eolas a fháil ar amhchláir, ionaid bhailithe agus slite? 23
Mura bhfuil mé sásta leis an gcinneadh faoi iompras scoile – an féidir liom achomharc? 23
Tá riachtanais speisialta ag mo pháiste – an dtig leis/léi iompras speisialta a fháil? 23
Seirbhísí speisialta agus tacaíocht bhreise *24*
Cad a tharlaíonn má bhíonn deacracht ag mo pháiste le hobair scoile nó má tá deacracht foghlama aige/aici? 24
Cé leis a ndéanfaidh mé teagmháil má tá riachtanais speisialta ag mo pháiste? 24
Tá riachtanais speisialta ag mo pháiste – an dtig leis/léi iompras speisialta a fháil? 25
Cad is coimhdire bus scoile ann? 25
Conas is féidir liom iarratas a chur isteach ar choimhdire? 26
An féidir liom iarratas a chur isteach ar úim ? 26
Níl ach beagán Béarla ag mo pháiste. Cén cuidiú a thugann an scoil do mo pháiste lena c(h)uid Béarla? 26
Cad é ról na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais? 26
Cad a dhéanaim má shílim go bhféadfaí gur ghá do shíceolaí mo pháiste a fheiceáil? 27
Cad é an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta? 27
Cad é ról na Seirbhíse Tacaíocht Oideachais Speisialta? 28
Cad is cúntóir riachtanas speisialta ann? 28
Cad is múinteoir tacaíocht foghlama agus acmhainne ann? 28
Cad is múinteoir acmhainne ann? 29
Cad é an tseirbhís múinteoirí cuairte do pháistí a bhfuil deacrachtaí amhairc nó éisteachta acu? 30
Tuismitheoirí *30*
Cad é ról an tuismitheora ? 30
Cad ba chóir dom a dhéanamh mura féidir le mo pháiste dul ar scoil? 30
An féidir liom mo pháiste a thabhairt ar saoire le linn an téarma? 30
Cad a dhéanfaidh an scoil má chailleann mo pháiste cuid mhór laethanta scoile? 31
Cad is féidir liom a dhéanamh mura ligeann an scoil do mo pháiste freastal uirthi? 31
Cad is achomharc Alt 29 ann? 31
Cad is teagasc baile ann? 31
An bhfuil cead agam mo pháiste a theagasc sa bhaile? 32
Cad a tharlaíonn má tá mo theaghlach ag bogadh chuig ceantar nua i bhfad ón scoil? 32
Tacaíocht *do thuismitheoirí* *32*
An dtagann tuismitheoirí i gceann a chéile mar ghrúpa? 32
Conas is féidir liom teacht ar ranganna Béarla agus cúrsaí oideachais d'aosaigh? 33
Cad é an Scéim Chaidrimh Bhaile Scoile? 33
Cén áit ar féidir liom teacht ar ranganna Gaeilge? 33
Céard é an Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí – Iarbunscoil? 34
Cén áit ar féidir liom rochtain saor in aisce idirlín a fháil? 34
Oideachas Tríú Leibhéal *34*

Cad is Ardoideachas ann? 34
Tionscnamh Táillí Saor in Aisce 35
Táillí AE 37
Táillí iarchéime 37
Ranníocaíocht Mic Léinn 38
Deontais mac léinn 38
Breisoideachas agus Oiliúint *39*
Soláthraithe Oideachais agus Oiliúna d'Aosaigh 39
Rannpháirtíocht Imirceach sa Bhreisoideachas *39*
Cláir Bhreisoideachais a Rochtain 39
Soláthar Lithearthachta d'Aosaigh 40
Soláthar Eile atá ar Fáil 40
Eolas Úsáideach agus Naisc *41*

Dul ar scoil

Tá an t-oideachas éigeantach do pháistí in Éirinn ó aois sé bliana go haois sé bliana déag nó go dtí go gcríochnaíonn daltaí trí bliana den oideachas dara leibhéal.

Cad is brí do bhunscolaíocht agus d'iarbhunscolaíocht?

Bíonn paistí ar an mbunscoil agus iad idir 4 bliana d'aois agus 12 bhliain d'aois. Tugtar oideachas an chéad leibhéil ar an mbunoideachas freisin. Clúdaíonn an bhunscolaíocht ocht mbliana – timthriall dhá bhliain naíonán agus sé bliana ina diaidh ón gcéad go dtí an séú rang. Téann páistí ar aghaidh chuig an gcéad rang eile ag deireadh gach scoilbhliana.

Freastalaíonn páistí thart ar 12 bhliain d'aois go 18 mbliana d'aois ar iar-bhunscoil. Áirítear iad seo i measc iar-bhunscoileanna: meánscoileanna, gairmscoileanna, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha. Tugtar oideachas dara leibhéal ar an iar-bhunoideachas freisin.

An gcaithfidh mé íoc le mo pháiste a chur ar scoil?

Ní chaithfidh. In Éirinn tá gach páiste i dteideal bunoideachais agus iar-bhunoideachais saor in aisce. Is é an stát a mhaoiníonn bunús na mbunscoileanna agus is ar na scoileanna seo atá formhór mór na bpáistí.

Tá líon beag scoileanna príobháideacha ann. Má chinneann tú do pháiste a chur ar scoil phríobháideach, beidh ort táillí a íoc gach bliain.

Tá an ceart céanna ar oideachas ag páistí atá i ndiaidh teacht go hÉirinn (a dtugtar daoine nuathagtha orthu uaireanta) cé acu iarrthóirí tearmainn, teifigh nó oibrithe imirceacha iad, is atá ag páistí eile na hÉireann. Is gá dóibh freastal ar scoil idir aois 6 bliana agus 16 bliana.

Cén uair is gá do mo pháiste tosú ar scoil?

Deirtear sa dlí go gcaithfidh gach páiste oideachas a fháil, bíodh sé sin sa bhaile nó ar scoil. Tosaíonn an chuid is mó de na páistí ag 4 nó 5 bliana d'aois. Caithfidh do pháiste bheith ar a laghad ceithre bliana d'aois ag tús na scoilbhliana (Meán Fómhair) le go gclárófar é/í i scoil.

Tá timthriall ocht mbliana i gceist leis an mbunoideachas: naíonáin shóisearacha, naíonáin shinsearacha agus rang a haon go rang a sé. Is ag aois a dó dhéag de ghnáth a aistríonn daltaí isteach san iar-bhunoideachas.

Cén aois ar féidir le páiste an scoil a fhágáil?

Is é 16 an aois fágála scoile is lú nó i ndiaidh trí bliana den iar-bhunoideachas, cibé acu is déanaí.

Cé atá freagrach as freastal mo pháiste ar scoil?

Faoin Acht Oideachais (Leas), 2000 tusa atá freagrach as a chinntiú go bhfreastalaíonn do pháistí ar scoil. Mura féidir le tuismitheoirí páiste aire a thabhairt dóibh, is ansin a bheidh caomhnóir nó cúramóir freagrach.

Cén áit ar féidir liom eolas a fháil ar réamhscolaíocht agus oideachas luathbhlianta?

Lasmuigh den chóras foirmiúil oideachais a dhéantar oideachas luath-óige agus seirbhísí cúraim a sheachadadh agus is dream éagsúil de ghrúpaí príobháideacha, pobail agus deonacha a dhéanann é sin, a dtugtar naíolanna, réamhscoileanna, naíonraí (ar réamhscoileanna Gaeilge cuid díobh), grúpaí súgartha agus seirbhísí cúram lae orthu. Is í an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige www.dcya.ie go príomha a fheidhmíonn infheistiú rialtais ina leithéid de sholáthar.

Mo pháiste áit a fháil ar scoil

Cé acu scoil a bhfreastalóidh mo pháiste uirthi?

De ghnáth freastalaíonn páistí ar a scoil áitiúil. Is féidir leat do pháiste a chur ar bhunscoil nó ar iar-bhunscoil de do rogha féin, a fhad is go bhfuil áit ann dóibh. Cé gur féidir le bunús na scoileanna na páistí uile a chlárú, níl aon ráthaíocht ann go bhfaighidh siad áit sa scoil áitiúil.

Cad é mar a chlaróidh mé mo pháiste i scoil?

Ba cheart duit an liosta bunscoileanna agus iar-bhunscoileaanna i do cheantar a sheiceáil le do pháiste a chlárú. Ba cheart duit dul i dteagmháil le do rogha scoile chun a fháil amach an bhfuil áit ar fáil. Má bhíonn an scoil lán seans nach féidir do pháiste a chlárú inti. Tá cead ag an scoil do phaiste a chur ar liosta feithimh nó scoil eile sa cheantar a mholadh.

Mura mbíonn a ndóthain áiteanna acu, tabharfaidh an scoil tús áite de réir a mbeartais iontrála. Mar shampla, d'fhéadfaí go dtabharfaidís tús áite do dheartháireacha agus do dheirfiúracha daltaí reatha nó do pháistí a chónaíonn sa cheantar áitiúil. Bord bainistíochta na scoile a dhéanann an cinneadh seo. Is féidir leis an scoil cóip a thabhairt duit ach é a iarraidh orthu.

Agus tú ag roghnú bunscoile, b'fhéidir go gcaithfeá bheith ar an eolas faoi bheartais iontrála iarbhunscoileanna. Tugann roinnt iarbhunscoileanna tús áite do dhaltaí ó bhunscoileanna áirithe.

Cad is beartas iontrála ann?

Leagtar amach beartas na scoile ar chlárú páistí sa scoil sa bheartas iontrála. Ní mór do scoileanna nach féidir leo na daltaí uile ar mian leo freastal a chlárú beartas iontrála a bheith acu de réir an Acht Oideachais. Dréachtaíonn bord bainistíochta na scoile an beartas seo. Tá cead acu páistí ó cheantar amháin nó ó aoisghrúpa áirithe a chlárú. Ní mór don bheartas iontrála bheith ar aon dul le hAlt 7 den Acht um Stádas Comhionann 2000.

Is féidir beartas rollaithe a thabhairt ar bheartas iontrála freisin. Tabharfaidh scoil eolas duit ar a mbeartas ach é a iarraidh.

An féidir liom achomharc ina haghaidh má dhiúltaíonn scoil mo pháiste a chlárú?

Má dhiúltaíonn scoil dalta a chlárú, tá sé de cheart agat achomharc in aghaidh an chinnidh. Ar dtús caithfidh tú achomharc chuig bord bainistíochta na scoile. Mura n-éiríonn leis sin, is féidir leat achomharc in aghaidh an chinnidh chuig an Roinn, faoi Alt 29 den Acht Oideachais.

Coiste achomhairc a éistfidh d'achomharc. I mbunús na gcásanna, pléitear le hachomhairc laistigh de 30 lá. Is féidir leis an Roinn treoracha a thabhairt don bhord bainistíochta leis an cheist a réiteach. Ní mór don bhord bainistíochta umhlú dóibh sin. Cinntíonn an nósmhaireacht achomhairc go gcloíonn scoileanna lena mbeartais iontrála.

Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil faoi achomharc in aghaidh cinntí rollaithe ag Achomharc in aghaidh Eisiamh Buan, Fionraí nó Diúltú (http://www.education.ie/ga/Tuismitheoirí/Seirbhísí/Achomharc-in-aghaidh-Eisiamh-Buan-Fionraí-nó-Diúltú/Eolas.html).

An bhfuil cineálacha éagsúla scoile ann?

Bunscolaíocht

San áireamh leis an earnáil bhunscolaíochta tá bunscoileanna státbhunaithe, scoileanna speisialta agus bunscoileanna príobháideacha. Scoileanna náisiúnta a thugtaí ar bhunscoileanna státbhunaithe agus ina measc tá:

- Scoileanna reiligiúnacha amhail Caitliceach Rómhánach, Eaglais na hÉireann, Moslamach;
- scoileanna neamh-shainchreidmheacha;
- scoileanna il-sainchreidmheacha; agus
- Gaelscoileanna (scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán na Gaeilge).

Teagasctar buachaillí agus cailíní ar leithligh i scoileanna aonghnéis. Teagasctar buachaillí agus cailíní le chéile i scoileanna comhoideachais. Bíonn roinnt scoileanna speisialta ag freastal ar chineálacha áirithe míchumais agus riachtanas speisialta (Féach: Seirbhísí speisialta agus tacaíocht bhreise).

Tugtar sonraí ar bhunscoileanna, ar iar-bhunscoileanna agus ar scoileanna speisialta chomh maith le scoileanna le ranganna speisialta sa liosta scoileanna.

Iarbhunscolaíocht

San earnáil iarbhunscolaíochta, tá meánscoileanna, gairmscoileanna, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha. Faoi úinéireacht agus bhainistíocht phríobháideach atá meánscoileanna. Stábhunaithe atá gairmscoileanna agus iad faoi riarachán na mBord Oideachais agus Oiliúna (BOO), agus tá pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha faoi bhainistíocht Bord Bainistíochta a bhfuil ballraíocht éagsúil orthu.

Cad is meastóireacht scoile uile ann?

Is é is meastóireacht scoile uile (MSU) ann an bealach a ndéanaimid cigireacht ar obair scoile. Buaileann foireann cigirí le baill de phobal na scoile lena gcuid oibre, a ról agus a bhfís don scoil a phlé. Labhraíonn na cigirí le baill de chumann na dtuismitheoirí i scoileanna ina bhfuil nasc ag an gcumann leis an gComhairle

Náisiúnta Tuismitheoirí (www.npc.ie). Mura bhfuil sé sin amhlaidh, buaileann siad le hionadaithe tuismitheoirí ar an mbord bainistíochta.
Is é ról na gcigirí an córas oideachais a mheasúnú agus comhairle agus tacaíocht a thabhairt do scoileanna. Tomhaiseann na cigirí, go háirithe, a fheabhas atá ag éirí leis an scoil maidir le:

- teagasc agus foghlaim;
- bainistíocht agus pleanáil; agus
- tacaíocht do dhaltaí.

Cén áit ar féidir liom teacht ar thuarascálacha cigireachta scoile?

Foilsímid tuarascálacha cigireachta scoile a rinneadh tar éis 6 Feabhra 2006 ar ár suíomh gréasáin. Is féidir iad seo a chuardach ar shuíomh gréasáin na Roinne ag Tuarascálacha Cigireachta Scoile

Cá fhad atá an lá scoile?

Bunscoileanna
Bíonn scoileanna ar oscailt ó Luan go hAoine. Tosaíonn ranganna de ghnáth idir 9rn agus 9.30rn ach níl cead tosú níos déanaí ná 9.30. Maireann lá scoile 5 uair an chloig agus 40 nóiméad. Áirítear leis seo am tionóil, glao rolla agus sosanna.

Is iondúil go mbíonn sos maidine ann thart ar 11rn agus sos lóin thart ar 12.30in. Is tábhachtach bia agus deoch fholláin a thabhairt do do pháiste le haghaidh an dá shos seo. Cuireann scoileanna bia folláin chun cinn agus iarrann cuid mhaith scoileanna ar thuismitheoirí gan milseáin, seacláid, brioscáin phrátaí ná deochanna súilíneacha a thabhairt dá bpáistí le haghaidh lóin.

D'fhéadfadh an lá scoile bheith níos giorra do pháistí i ranganna na naíonán. Is féidir tuilleadh eolais a fháil in Ciorclán 11/95.

Iarbhunscoileanna
Bíonn scoileanna ar oscailt ó Luan go hAoine. Tosaíonn ranganna de ghnáth idir 9rn agus 9.30rn. Is é 6 uair an chloig an t-íosmhéid am teagaisc sa lá agus is é 28 uair an chloig an t-íosmhéid am teagaisc sa tseachtain.
Is féidir tuilleadh eolais a fháil in Ciorclán m29/95.

Struchtúr foirne agus bainistíocht scoile (Bunscoileanna)

Cén struchtúr foirne atá i mBunscoil?

Tá an Príomhoide freagrach as bainistíocht laethúil na scoile, lena n-áirítear treoir agus treo mhúinteoirí agus bhaill eile foirne na scoile, agus tá sé/sí cuntasach don Bhord as an mbainistíocht sin. Bainistíonn an Bord an scoil thar ceann an Phátrúin agus tá sé cuntasach don Phátrún agus don Aire.

Tá múinteoir ranga ag gach rang. I roinnt scoileanna beaga, bíonn níos mó ná rang amháin ag an múinteoir. Múineann an múinteoir ranga gach ábhar dá rang. D'fhéadfaí go mbeadh múinteoirí eile sa scoil a chabhraíonn leis an múinteoir ranga. Mar shampla, b'fhéidir go mbeadh múinteoir tacaíocht teanga ag do pháiste le cabhrú leis/léi Béarla a fhoghlaim nó múinteoir tacaíocht foghlama le cabhrú leis/léi le nithe a mbíonn deacracht aige/aici leo.

Cé hé an Pátrún?

Is é an **Pátrún** an duine atá aitheanta ag an Aire de réir Alt 8 den Acht Oideachais, 1998. Sa chás go mbíonn beirt nó níos mó ag feidhmiú mar Phátrún, d'fhéadfaí iad a chlárú mar chomh-Phátrúin.
Is é dualgas an Phátrúin, de réir Alt 14 den Acht Oideachais, 1998, Bord Bainistíochta a cheapadh, más indéanta.

I scoileanna Caitliceacha agus de chuid Eaglais na hÉireann, is iad na heaspaig pátrúin na scoileanna atá i ndeoisí na n-eaglaisí. Is iondúil go bhfeidhmíonn an sagart paróiste thar ceann an easpaig. I scoileanna ilchreidmheacha, is é bord iontaobhaithe an chomhlachta theoranta, de ghnáth, an pátrún m.sh. Educate Together. I gcás na nGaelscoileanna, féadtar gurb iad easpaig eaglaise nó Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán Ghaeilge, comhlacht teoranta a bunaíodh chuige sin, na pátrúin.

Cad é an bord bainistíochta?

Is é an **Bord Bainistíochta/Bainisteoir(í)** an grúpa daoine nó an duine a cheapann an Pátrún leis an scoil a bhainistiú.

Bainistíonn an Bord an scoil thar ceann an Phátrúin agus chun leas na ndaltaí agus a dtuismitheoirí agus le oideachas cuí a sholáthar, nó bheith mar chúis go soláthraítear é, do gach dalta ar an scoil a bhfuil freagracht ag an mBord sin aisti. Is é an Bord/bainisteoir(í) fostóir fhoireann na scoile.

Áirítear ar an mbord bainistíochta ionadaithe tuismitheoirí, múinteoirí, iontaobhaithe nó pátrúin, an phríomhoide agus an phobail. Is féidir níos mó a léamh faoi Bhoird Bhainistíochta, shuíomh gréasáin na Roinne.

Struchtúr foirne agus bainistíocht scoile (Iarbhunscoileanna)

Cén struchtúr foirne atá in Iarbhunscoil?

Reáchtálann Príomhoide gach scoil agus bíonn ar a laghad leas-phríomhoide amháin ag cabhrú leis/léi. Is é an t-athrú is suntasaí do pháistí in iarbhunscoileanna go mbeidh eagar na ranganna bunaithe ar ábhair. Is iondúil go dtairgeann scoileanna rogha as measc réimse ábhar do dhaltaí sa chéad bhliain. Beidh srianta ar acmhainn scoileanna, áfach, roghanna ábhar a thairiscint do dhaltaí mar gheall ar an líon múinteoirí atá ar fáil aici agus an gá atá le hábhair a thráthchlárú chun iad a chur ar fáil dá oiread daltaí agus is féidir.

Bainistíocht Scoile
Is scoileanna atá faoi iontaobhas oird rialta, deoisí nó Boird Gobharnóirí iad Meánscoileanna Deonacha. Tugtar Comhchoiste na mBainisteoirí (http://www.jmb.ie) ar an údarás náisiúnta uileghabhálach bainistíochta do na scoileanna seo.
Bunaítear Gairmscoileanna de réir an Achta um Ghairmoideachas, 1930. Is leis an mBord Oideachais agus Oiliúna áitiúil na scoileanna seo. Bunaíodh Pobalscoileanna agus scoileanna Cuimsitheacha sna 1960í agus is Boird Bhainistíochta de chomhdhéanamh éagsúil a bhainistíonn iad. Is é Cumann na bPobalscoileanna agus na Scoileanna Cuimsitheacha an t-údarás bainistíochta do na scoileanna seo.

Dúnadh scoileanna agus laethanta saoire scoile

Cad iad na téarmaí scoile?

- Tá trí théarma sa scoilbhliain:
  - Ó thús mhí Mheán Fómhair go (féile na) Nollag atá an chéad téarma.
  - Ó go luath i mí Eanáir go Márta nó Aibreán (an Cháisc) atá an dara téarma.

    - Ó i ndiaidh na Cásca go deireadh Mheithimh atá an téarma deireanach.
- D'fhéadfadh saoire ghairid bheith i lár gach téarma ar a dtugtar sos leath-théarma nó lár téarma. Bíonn cúpla lá suas go seachtain i gceist.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag http://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláistí/Eolas/Laethanta-Saoire-Scoile-An-Scoilbhliain-Chaighdeánaithe/Laethanta-Saoire-Scoile-Dátaí.html

Conas a bheidh a fhios agam faoi laethanta saoire le linn na bliana?

Ag tús na scoilbhliana, tabharfaidh an scoil liosta duit de na laethanta a bheidh sí dúnta i rith na bliana. Áirítear orthu seo laethanta saoire agus laethanta inseirbhíse (oiliúint múinteoirí), i measc laethanta eile. Más éigean don scoil dúnadh gan choinne don lá nó dúnadh go luath, cuirfear nóta abhaile chun tú a chur ar an eolas roimh ré.

Cá mhéad lá a bheidh an scoil ar oscailt i rith na bliana?

Caithfidh an scoil bheith ar oscailt ar feadh 183 lá ag leibhéal na bunscolaíochta agus 167 lá ag leibhéal na hiarbhunscolaíochta.

Cén rang ina gcuirfear mo pháiste?

Sna Naíonáin Shóisearacha a bheidh páistí atá ag tosú ar an scoil don chéad uair. Má d'fhreastail do pháiste ar scoil roimhe seo, mar shampla i dtír eile, cuirfidh an scoil san áireamh a n-aois agus an t-oideachas a bhí acu roimhe seo. I gcásanna mar seo, socróidh an príomhoide an rang i gcomhpháirt leat féin agus leis an múinteoir ranga.

An féidir le mo pháiste bliain a athdhéanamh?

Is ar chúiseanna oideachais agus i gcúinsí ar leith amháin a bhíonn cead ag páistí bliain a athdhéanamh. Sna cásanna seo, socróidh an príomhoide i gcomhpháirt leis an múinteoir ranga, an múinteoir tacaíocht foghlama nó múinteoir acmhainne agus tuismitheoirí an mbainfeadh an dalta tairbhe as bliain a athdhéanamh.

Cad a fhoghlaimeoidh mo pháiste ar an mBunscoil?

Déantar iarracht sa churaclam a theagasctar i mbunscoileanna grá don fhoghlaim a mhairfidh ar feadh a s(h)aoil a thabhairt do do pháiste. Is mian linn gur eispéireas lán pléisiúir agus spraoi í an scoil. Tá sí dírithe ar an bpáiste. Tá an-tábhacht le litearthacht, uimhearthacht agus teanga – léamh, scríobh, mata agus Béarla agus Gaeilge. Foghlaimeoidh páistí fosta faoi eolaíocht agus teicneolaíocht, oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte agus faoi shaoránacht. Is cuidiú é an t-oideachas

freisin le go bhforbróidh páistí a scileanna sóisialta – an bealach chun réiteach le daoine eile.
Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoi churaclam na bunscoile ó shuíomh idirlín NCCA.

Cad a fhoghlaimeoidh mo pháiste ar an Iarbhunscoil?

Is é atá san oideachas iarbhunscoile Sraith Shóisearach (meánscoil íochtair) trí bliana agus ina dhiaidh sin Sraith Shinsearach dhá bhliain nó trí bliana (meánscoil uachtair), ag brath ar cé acu a roghnaítear nó nach roghnaítear Idirbhliain (TY) a dhéanamh. Is iondúil go gcuireann daltaí tús leis an tSraith Shóisearach ag aois 12 bhliain. Déantar scrúduithe an Teastais Shóisearaigh tar éis trí bliana. Is é príomhchuspóir na Sraithe Sóisearaí go gcomhlánóidh daltaí curaclam leathan cothrom agus chun an t-eolas agus scileanna a fhorbairt a chuirfidh ar a gcumas dul ar aghaidh chuig oideachas na Sraithe Sinsearaí.
Mar gheall ar Chreat nua don tSraith Shóisearach, beidh athruithe suntasacha ar an tSraith Shóisearach reatha, ag tosú i Meán Fómhair 2014.
Freastalaíonn an tSraith Shinsearach ar dhaltaí in aoisghrúpa 15 go 18 mbliana. Áirítear Idirbhliain roghnach léi, a thagann go díreach i ndiaidh na Sraithe Sóisearaí. Tugann an Idirbhliain deis do dhaltaí taithí a bheith acu ar réimse leathan d'ionchuir oideachais, taithí oibre san áireamh, le linn bliana atá saor ó scrúduithe foirmiúla. Le linn an dá bhliain deiridh den tSraith Shinsearach, bíonn daltaí ag gabháil do cheann amháin de thrí chlár a bhfuil Scrúduithe Stáit ag a ndeireadh; an Ardteistiméireacht thraidisiúnta, Gairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT) nó an Ardteistiméireacht.

An gcaithfidh mo pháiste Gaeilge a fhoghlaim?

I gcúinsí áirithe, mar shampla sa chás ar chónaigh páiste thar lear nó nach bhfuil Béarla aige/aici, d'fhéadfaí nach mbeadh orthu Gaeilge a fhoghlaim. D'fhéadfaí go mbeadh páistí a bhfuil míchumais áirithe acu bheith díolmhaithe ó fhoghlaim na Gaeilge freisin.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil air seo ó
http://www.education.ie/ga/Tuismitheoirí/Eolas/Díolúine-ón-nGaeilge/Díolúine-ón-Gaeilge.html

Cé a mhúinfidh mo pháiste?

Bunscoileanna
Tá múinteoir amháin ag gach rang a mhúineann gach ábhar. Maidir le ranganna speisialta, mar shampla Béarla do pháistí nach cainteoirí Béarla iad, b'fhéidir go mbeadh múinteoirí eile ag do pháiste. I roinnt scoileanna beaga, b'fhéidir go múinfeadh múinteoir níos mó ná rang amháin sa seomra ranga céanna. Foghlaimíonn páistí trí eispéiris ghníomhacha, thaitneamhacha. Má bhíonn cabhair bhreise de dhíth ar do pháiste, d'fhéadfaí go mbeidís ag obair le múinteoir tacaíocht foghlama agus acmhainne (TF/MA).

Iarbhunscoileanna
Is iondúil gur múinteoirí speisialaithe in ábhar amháin nó dhá ábhar iad múinteoirí dara leibhéal, ar a dtugtar freisin múinteoirí iarbhunscoile. Múinfidh siad na hábhair seo do dhaltaí ón gcéad bhliain go dtí an séú bliain. Beidh múinteoirí éagsúla, mar sin de, ag gach rang le haghaidh ábhair éagsúla. Tá freagracht ar gach múinteoir dara leibhéal a chinntiú go dtugtar clár agus timpeallacht foghlama do gach dalta, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu nó a bhfuil Béarla mar theanga bhreise acu, a chuireann ar a gcumas an curaclam agus ardfhoghlaim a rochtain. Má bhíonn cabhair bhreise de dhíth ar do pháiste, d'fhéadfaí go mbeadh sé/sí ag obair le múinteoir tacaíocht foghlama agus acmhainne (TF/MA).

Conas a dhéantar measúnú ar pháistí ar scoil?

Bunscoileanna
Is é is brí le measúnú, an méid atá foghlamtha ag páiste a sheiceáil tríd an méid atá ar eolas ag páiste a thástáil nó a bhreathnú. Déantar é seo ionas gur féidir leis an múinteoir a fháil amach cén dul chun cinn atá déanta ag an bpáiste, cé na scileanna atá á bhforbairt aige/aici nó a t(h)uiscint ar thopaic ar leith. Sna luathbhlianta, tá an measúnú go neamhfhoirmiúil, bunaithe ar an mbreathnóireacht agat féin agus ag múinteoir an pháiste.

Sa bhunscoil, baineann an múinteoir feidhm as go leor slite éagsúla le foghlaim do pháiste a mheasúnú. Áirítear orthu seo trialacha a thabhairt, tascanna, obair thionscadail agus punanna. Úsáidtear trialacha caighdeánaithe lena fháil amach conas atá páistí ag dul chun cinn i gcomparáid le páistí eile na tíre atá ar comhaois leo nó ag an gcéim chéanna oideachais. Is féidir le tuismitheoirí dul chun a bpáistí a

fheiceáil agus cabhraíonn siad leis an scoil páistí a mbeadh tacaíocht de dhíth orthu a aithint.

Ó bhí 2007 ann, bhí ar gach páiste trialacha caighdeánaithe a dhéanamh i léamh an Bhéarla agus sa mhatamaitic ag deireadh rang a haon nó ag tús rang a dó agus ag deireadh rang a ceathair nó ag tús rang a cúig.

Úsáideann múinteoirí cineál eile measúnachta, ar a dtugtar scagthástáil nó measúnú diagnóiseach, go háirithe i luathbhlianta na bunscoile. Úsáidtear é seo má bhíonn amhras ort féin nó ar do mhúinteoir go bhféadfadh deacracht a bheith ag do pháiste nó mura bhfuil do pháiste ag dul chun tosaigh chomh maith le páistí eile. D'fhéadfadh an múinteoir tacaíocht foghlama nó an múinteoir ranga triail nó sraith trialacha speisialta a úsáid a thugann níos mó eolais duit féin agus don mhúinteoir faoi riachtanais foghlama do pháiste.

Is féidir níos mó eolais a fháil ar mheasúnuithe ar shuíomh gréasáin na Roinne agus ar shuíomh gréasáin na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Iarbhunscoileanna

Déantar measúnú múnlaitheach, diagnóiseach agus suimitheach ar bhonn rialta ag leibhéal scoile agus béim ar leith ar scrúduithe scoilbhunaithe níos foirmiúla roimh shaoire na Nollag, na Cásca agus an tSamhraidh. Bunaithe ar na measúnuithe seo, tuairiscíonn múinteoirí agus príomhoidí le tuismitheoirí ar dhul chun cinn daltaí agus tugann comhairle ar roghanna ábhar agus ar an leibhéal ag a ndéantar na hábhair. Is scrúdú náisiúnta é an Teastas Sóisearach a dhéanann beagnach gach dalta ag deireadh na sraithe sóisearaí.

Ag deireadh na sraithe sinsearaí, déanann daltaí a leanann an Ardteistiméireacht (Cruthaithe) an scrúdú Ardteistiméireachta. Tá nasc díreach idir an scrúdú seo agus próisis roghnaithe cúrsaí staidéir breis- agus ardoideachais. Le cois na scrúduithe a dhéanann daltaí eile, déanann daltaí a leanann Gairmchlár na hArdteistiméireachta scrúdpháipéar agus cuireann siad isteach punann sna Modúil Nasctha. Déanann daltaí a leanann Clár na hArdteistiméireachta Feidhmí scrúdú deiridh agus bailíonn siad creidiúintí thar dhá bhliain staidéir.

Le haghaidh tuilleadh eolais, cliceáil ar
http://www.ncca.ie/ga/Curaclaim_agus_Measúnacht/Oideachas_Iar-Bhunscoile/An_Mheasúnacht/

An mbíonn cruinnithe ag tuismitheoirí leis na múinteoirí?

Is iondúil go n-eagraíonn scoileanna cruinniú tuismitheora/múinteora i rith na bliana. Cuirfidh an scoil dáta agus am an chruinnithe in iúl duit. Is cruinniú tábhachtach é seo agus ba chóir duit do dhícheall a dhéanamh bheith i láthair. Feicfidh tú samplaí d'obair do pháiste ag an gcruinniú agus is féidir dul chun cinn do pháiste a phlé leis an/na múinteoir(í). Nuair a théann tú chuig na cruinnithe seo, cuireann tú in iúl do do pháiste freisin go bhfuil suim agat ina d(h)ul chun cinn.

Má bhíonn imní ort faoi dhul chun cinn ag do pháiste am ar bith i rith na bliana, is féidir coinne a dhéanamh chun labhairt leis an múinteoir.

Conas a dhéanann scoileanna cumarsáid le tuismitheoirí?

Déanann scoileanna cumarsáid le tuismitheoirí, de ghnáth, trí nótaí a chur abhaile leis an bpáiste. Is féidir na nótaí seo a scríobh i ndialann obair bhaile an pháiste nó a phriontáil ar bhileog ar leith. Ba chóir duit mála do pháiste a sheiceáil i gcomhair nótaí gach lá.

An bhfaighidh mé tuairisc scríofa ar dhul chun cinn mo pháiste?

Faoin Acht Oideachais, 1998 ní mór don scoil tuairiscí ar gach páiste a chur ar fáil. Caithfidh an scoil cead a thabhairt do thuismitheoirí fáil a bheith acu ar thaifead scoile a bpáiste. Ba chóir gnás a bheith ag an scoil chun tuismitheoirí a choinneáil ar an eolas faoi chúrsaí a bhaineann leis an scoil.

Faoin Acht Oideachais (Leas), má fhágann dalta scoil amháin le dul chuig scoil eile, ní mór do phríomhoide na chéad scoile eolas faoin bpáiste a thabhairt don scoil nua. D'fhéadfaí go n-áireofaí ar an eolas seo fadhbanna tinrimh nó cúrsaí ábhartha eile a bhaineann le dul chun cinn an pháiste.

An mbeidh ar mo pháiste obair bhaile a dhéanamh?

Socraíonn scoileanna a bpolasaí féin i dtaca le hobair bhaile de. Má thugtar obair bhaile do do pháiste, ba chóir duit spás agus spreagadh a thabhairt dó/di chun í a dhéanamh. Má tá cabhair de dhíth air/uirthi, tairg cabhair dó/di. Tóg an t-am le labhairt le do pháiste faoi na rudaí a dhéanann siad ar scoil gach lá.

- Cuir am ciúin i leataobh nuair a bhíonn do pháiste ina s(h)uí go compordach ag bord agus nuair nach gcuireann an teilifís ná trup ar bith eile as dó/di.
- Ba chóir go n-áireofaí am i gcomhair obair bhéil le cois obair scríofa le ham obair bhaile. Is mór an chabhair í obair bhéil – ag rá agus ag athrá a bhfuil foghlamtha – sna luathbhlianta go háirithe.
- Spreag do pháiste lena c(h)uid leabhar agus cóipeanna a choinneáil glan, néata.
- Má tá do pháiste ag obair ina (h)aonar, bí cinnte go mbíonn tú ar fáil le cabhrú agus léirigh spéis ina bhfuil ar siúl aige/aici. Mol iarrachtaí do pháiste chomh minic agus is féidir leat.
- Déan iarracht bheith foighneach le do pháiste.
- Má bhíonn fadhbanna leanúnacha ag do pháiste le hobair bhaile pléigh é sin leis an múinteoir.
- Más amhlaidh ar chúis éigin nach féidir le do pháiste a c(h)uid obair bhaile a dhéanamh, cuir é seo in iúl don múinteoir. Scríobh nóta gearr ag míniú cad chuige.

Le haghaidh tuilleadh eolais air seo, cliceáil ar an nasc seo a leanas "help my kid learn" (primary)

Cad a dhéanfaidh mé má bhíonn fadhb ag mo pháiste ?

Ba chóir duit labhairt leis an bpáiste ar dtús. D'fhéadfaí go mbainfeadh an fhadhb le foghlaim nó gur fadhb phearsanta nó shóisialta í. Mura féidir leat an fhadhb a réiteach sa bhaile, ba chóir duit coinne a dhéanamh nó labhairt leis an múinteoir. Mura réitíonn sé sin an fhadhb, b'fhéidir gur ghá duit coinne a dhéanamh leis an bpríomhoide.

Cad is féidir leis an scoil a dhéanamh má cheapaim go bhfuil drochíde á tabhairt do mo pháiste?

Sa bhliain 2011, d'eisigh an Roinn Gnásanna Cosaint Leanaí a bhí bunaithe ar Children First: National Guidance for the Protection and Welfare of Children 2011

chuig gach scoil aitheanta. Is é aidhm na nGnásanna Cosaint Leanaí seo treoir a thabhairt do lucht bainistíochta agus baill foirne scoile maidir le sainaithint agus freagairt d'údair imní i leith cosaint leanaí agus an próiseas le tacaíocht leanúnach a thabhairt don pháiste. Is í cosaint agus folláine an pháiste an chúis is tábhachtaí.

Cé a bhíonn ag plé le hábhair imní faoi chosaint leanaí i scoil?

De réir na ngnásanna, caithfidh gach scoil Duine Caidrimh Ainmnithe (DCA) a bheith acu chun plé le hábhair imní faoi chosaint leanaí. Ba chóir ainm an DCA a bheith ar taispeáint in áit fhollasach in aice le príomhshlí isteach na scoile.

Tá freagracht ar DCA na scoile as a chinntiú go gcomhlíontar an gnás tuairiscithe, ionas go gcuirtear ábhair imní faoi chosaint leanaí in iúl go pras don duine ainmnithe sa ghníomhaireacht Páistí agus Teaghlaigh, www.TUSLA.ie nó i gcás éigeandála, agus mura bhfuil an ghníomhaireacht ar fáil, don Gharda Síochána.

Más mian leat ábhar imní faoi chosaint leanaí a thuairisciú, ba chóir duit labhairt leis an DCA i do scoil agus beidh an duine sin freagrach as an tuairisc a dhéanamh.

Más leis an DCA a bhaineann an líomhain nó an t-ábhar imní, ba chóir duit an cheist a thuairisciú gan mhoill le Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta nó i scoileanna arb é an Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO) an fostóir, le PF an BOO atá i gceist. I gcásanna mar seo, glacfaidh an Cathaoirleach nó an PF, cibé is cuí, an ról a bhíonn ag an DCA de ghnáth agus comhlíonfaidh na gnásanna atá leagtha amach in Alt 4.2 de na Gnásanna Cosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna.

An féidir liom ábhar imní faoi chosaint leanaí a thuairisciú go díreach le Seirbhísí Páistí agus Teaghlaigh an FSS ?

Tá feidhmeanna Sheirbhísí Páistí agus Teaghlaigh an FSS anois mar chuid den Ghníomhaireacht Páistí agus Teaghlaigh, Tusla. Bunaíodh Tusla ar bhonn dleathach ar 1 Eanáir 2014. Is iad TUSLA, Seirbhísí Páistí agus Teaghlaigh is fearr a inseoidh duit an bealach is cuí chun cinn. D'fhéadfadh sé, ina dhiaidh sin, teagmháil a dhéanamh leis an scoil nó a iarraidh ortsa teagmháil a dhéanamh leis an scoil nó le daoine eile.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar chosaint leanaí ar shuíomh idirlín na Roinne nó ar www.TUSLA.ie.

An gcaithfidh mo pháiste éide scoile a chaitheamh?

Cuireann a lán scoileanna d'iallach ar a gcuid daltaí éide scoile a chaitheamh mar chuid dá gcód scoile nó dá mbeartais iontrála.

An féidir liom cuidiú a fháil le híoc as an éide scoile?

B'fhéidir go mbeifeá in ann cabhair a fháil ón Roinn Coimirce Sóisialaí . Is cuidiú é an liúntas Éadaí agus Coisbhirt chun Filleadh ar Scoil maidir le costas éide scoile agus bróga páistí scoile. Féach www.welfare.ie

Má tá fadhb agat le do pháiste an éide scoile a chaitheamh ar chúiseanna cultúrtha, bá chóir duit an fhadhb a phlé leis an bpríomhoide.

An féidir liom cuidiú a fháil le costas na leabhar scoile?

Tugann an Roinn maoiniú do scoileanna le cúnamh a sholáthar i leith costais leabhar. Is féidir eolas ar an scéim a fháil in Ciorcláin 0046_2013.
Cumhdaítear sa scéim seo páistí as teaghlaigh ina bhfuil cruatan iarbhír mar gheall ar an dífhostaíocht, tinneas fadtéarmach ar thuismitheoir, teaghlach mór, tuismitheoireacht aonair nó fadhbanna ar nós alcóil nó mí-úsáid drugaí.

Is féidir iarratas a chur isteach chomh maith chuig d'Oifigeach Leasa Pobail FSS ar Íocaíocht Riachtanais Eisceachtúla le costas leabhar scoile agus éidí scoile a chumhdach. Is féidir teacht ar na sonraí teagmhála ar www.hse.ie

Faoi láthair, feidhmíonn bunús na scoileanna scéim leabhair ar cíos le cabhrú le tuismitheoirí le costais leabhair scoile. Tá tuilleadh eolais ar fáil ach cliceáil anseo.

Cad é beartas na scoile ar scagthástáil sláinte agus imdhíonadh?

Déanann altraí sláinte poiblí agus oifigigh leighis limistéir ón bhFeidhmeannas Seirbhíse Sláinte (FSS) scagthástálacha sláinte sa scoil. Is seiceálacha sláinte iad seo agus d'fhéadfaí gur éisteacht, fiacla nó radharc páiste a bheadh le seiceáil. Cuirfidh an scoil in iúl duit roimh ré faoi na seiceálacha agus faoina bhfuil i gceist.

Má tá fadhb shláinte ag do pháiste, amhail deacrachtaí éisteachta nó urlabhra, d'fhéadfaí é/í a chur ar aghaidh chuig an ionad sláinte FSS áitiúil. Tá an chóireáil ar fhadhbanna a shainaithnítear ar na scagthástálacha seo saor in aisce.

Tá clár um imdhíonadh (vacsaíniú) scoile ann fosta. Tá na vacsaínithe saor in aisce do gach páiste. Teastaíonn cead uaitse le vacsaínithe a thabhairt do pháistí faoi bhonn 16 bliana d'aois.

Is féidir mionsonraí a fháil faoin gclár scagthástála scoile ar an gclár um imdhíonadh scoile ar http://www.immunisation.ie
nó ar shuíomh gréasáin Faisnéis do Shaoránaigh
http://www.citizensinformation.ie/categories/health/children-s-health.

Cad é mar is féidir liom tacú le múinteoirí agus leis an bpríomhoide?

Seo roinnt bealaí inar féidir leat cabhrú.

- A chinntiú go dtéann do pháiste ar scoil.
- Do pháiste a spreagadh chun dea-iompair sa seomra ranga agus sa chlós súgartha.
- Má tá éide scoile ag do scoil, a chinntiú go gcaitheann do pháiste é.
- A chinntiú go ndéanann sé/sí a c(h)uid obair bhaile.
- A chur in iúl don scoil má tá do theaghlach ag imeacht ón gceantar.
- Meas a léiriú ar dhearcadh gairmiúil an phríomhoide nó na múinteoirí ranga.

Bulaíocht agus smacht

Cad is bulaíocht ann?

Is é an sainmhíniú ar an mbulaíocht sna Gnásanna Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna "iompar diúltach, bíodh sé ó bhéal, síceolaíoch nó fisiceach, nach dteastaíonn agus a dhéanann duine aonair nó grúpa i gcoinne duine (nó daoine) eile agus a athdhéantar thar thréimhse ama". Tá tuilleadh eolais ar shainmhíniú na bulaíochta, cineálacha bulaíochta agus tionchar agus táscairí na bulaíochta ar fáil in Ailt 2 agus 3 de na gnásanna do scoileanna.

Cé atá freagrach as plé le bulaíocht i scoileanna?

Is ar leibhéal na scoile aonair atá freagracht as dul i ngleic leis an mbulaíocht.

Foilsíodh Gnásanna Nua Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna i Meán Fómhair 2013. Baineann na Gnásanna Nua agus an Ciorclán Roinne a ghabhann leo Ciorclán 0045/2013 le gach bunscoil agus iarbhunscoil aitheanta agus le hionaid oideachais (mar atá sainmhínithe san Acht Oideachais 1998) ar a bhfreastalaíonn daltaí faoi bhonn 18 mbliana d'aois.
Tá d'iallach ar údaráis agus pearsanra scoile na gnásanna seo a chomhlíonadh nuair a bhítear ag plé le líomhaintí agus le teagmhais bulaíochta. Is é feidhm na ngnásanna seo treo agus treoir a thabhairt d'údaráis agus do phearsanra scoileanna le dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta scoilbhunaithe i measc a gcuid daltaí agus í a chosc agus le plé le haon tionchar diúltach laistigh den scoil mar gheall ar iompraíocht bhulaíochta a tharlaíonn in áiteanna eile.

Cén áit ar féidir liom eolas a fháil ar bhulaíocht i scoileanna?

Leagann na Gnásanna Frithbhulaíochta amach na ceanglais atá ar scoileanna maidir le dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta agus í a chosc. Tá tuilleadh eolais ar shuíomh gréasáin na Roinne a d'fhéadfadh bheith spéisiúil agat. Tá roinnt eagras agus grúpaí ann freisin a thugann eolas agus cúnamh i réimse na bulaíochta, lena n-áirítear Anti-Bullying Centre at Dublin City University nó an Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí.

Cad é mar is féidir liom gearán a dhéanamh faoi mhúinteoir nó faoin scoil?

Is tábhachtach go mbíonn dea-chaidreamh idir an baile agus an scoil. Má léirítear cómheas agus dea-thoil, is féidir leat féin agus leis an scoil bunús gach faidhbe a réiteach ach iad a phlé. Déan do sheacht ndícheall do ghearán a réiteach ag leibhéal scoile. Is ina dhiaidh seo a dhéanamh, agus ansin amháin, is féidir iarraidh ar an Roinn do ghearán a fhiosrú.

Tá cur síos sa Nós Imeachta Gearáin ar na bearta ba chóir duit a dhéanamh nuair a bhíonn gearáin á ndéanamh i gcoinne scoileanna agus múinteoirí.

Conas a thugann scoileanna luach a saothair do dhaltaí agus cad é mar a smachtaítear iad?

Molann múinteoirí páistí nuair a oibríonn siad go crua agus nuair a dhéanann siad obair fhiúntach, obair bhaile san áireamh. Is cuidiú é an moladh chun páistí a spreagadh. Tá cód smachta ag gach scoil agus tugtar cóip dó do thuismitheoirí. Tú

féin atá freagrach as glacadh le cód na scoile agus a chinntiú go dtuigeann agus go gcomhlíonann do pháistí é.

Cuirfidh an scoil in iúl duit má bhíonn do pháiste ag síorbhriseadh na rialacha. Beidh deis agat na cúrsaí seo a phlé leo. Beidh siad ag dúil go gcinnteoidh tú go dtiocfaidh feabhas ar iompraíocht do pháiste. Ba chóir duit iarracht a dhéanamh an cheist a réiteach le do pháiste ar dtús agus teagmháil a dhéanamh leis an múinteoir ranga faoi más gá.

I gcás bhriseadh tromchúiseach rialacha na scoile, d'fhéadfadh an scoil a shocrú, má sháraíonn ar gach beart eile, do pháiste a chur ar fionraí ón scoil. Is cinneadh tromchúiseach é seo nach dtarlaíonn ach go hannamh. Ní mór don scoil gach rogha eile a thriail sula gcinntear ar fhionraíocht. Cuirfidh siad in iúl duit faoin bhfionraíocht. Is féidir achomharc a dhéanamh ina leith chuig an mbord bainistíochta. Má sháraíonn ar gach beart eile, is féidir achomharc chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Is féidir tuilleadh a leamh in Guidelines Towards a Positive Policy for School Behaviour and Discipline agus in Ciorclán 20/90 agus in Ciorclán M33/91.

An gcaithfidh scoileanna cód smachta a bheith acu?

Caithfidh. Leagann scoileanna amach a gcód smachta féin. Gheobhaidh tú cóip de pholasaí na scoile nuair a chláraíonn tú do pháiste ar an scoil.

Iompras scoile (féach freisin Seirbhísí speisialta agus tacaíocht bhreise)

An bhfuil mo pháiste i dteideal iompras scoile?

De ghnáth, bíonn páistí i dteideal iompras scoile nuair a chónaíonn siad fad nach lú ná 3.2 ciliméadar ón scoil ar a bhfuil siad agus nuair is í an scoil sin an scoil náisiúnta is gaire, de réir mar a chineann an Roinn/Bus Éireann, agus cúinsí éitis agus teanga san áireamh.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rannóg Iompras Scoile

Conas is féidir liom iompras scoile a fháil?

Feidhmíonn Bus Éireann an Scéim Iompras Scoile thar ceann na Roinne. Is féidir iarratas ar iompras scoile a dhéanamh ar líne ag buseireann.ie nó is féidir foirmeacha a íoslódáil agus a chur chuig oifig áitiúil Bus Éireann.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó Bus Éireann.

Cuir i gcás nach bhfuil aon iompras scoile ann?

Tá deontas iomprais ar fáil le costas iomprais phríobháidigh a chumhdach do pháistí atá i dteideal iomprais ach nach bhfuil aon seirbhís ar fáil dóibh, a fhad is atá an próiseas iarratais comhlánaithe acu.

Cuir i gcás go gcónaím níos lú na 3.2 ciliméadar ón scoil is gaire dom?

Má tá suíocháin le spáráil ar sheirbhís iompras scoile, i ndiaidh leithroinnt na suíochán ar na páistí uile atá ina dteideal, d'fhéadfá fiosrú faoi thicéid atá le spáráil ag d'oifig áitiúil Bus Éireann.

Cén áit ar féidir liom eolas a fháil ar amchláir, ionaid bhailithe agus slite?

Is féidir eolas a fháil ó d'oifig áitiúil Iompras Scoile Bus Éireann.
Féach www.buseireann.ie

Mura bhfuil mé sásta leis an gcinneadh faoi iompras scoile – an féidir liom achomharc?

Cuirtear iompras scoile ar fáil do pháistí bunscoile faoi théarmaí na Scéime Iompras Bunscoile). Tá Bord Achomharc Iompras Scoile ann lena chinntiú go gcuirtear téarmaí na scéime i bhfeidhm go soiléir agus go cothrom. Más mian leat achomharc, ní mór duit Foirm Achomhairc Iompras Scoile a líonadh isteach.

Tá riachtanais speisialta ag mo pháiste – an dtig leis/léi iompras speisialta a fháil?

Déanaimid ár ndícheall iompras scoile a chur ar fáil do gach páiste atá ag freastal ar scoileanna speisialta agus ar ranganna speisialta i mbunscoileanna (liosta scoileanna).

Ba chóir duit iarratas a chur chuig an bpríomhoide le haghaidh iomprais speisialta nuair a chláraíonn tú do pháiste ar an scoil. Cuireann an príomhoide an t-iarratas tríd an Eagraí Riachtanais Speisialta Oideachais chuig Rannóg Iompras Scoile na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Mura bhfuil iompras ar fáil, d'fhéadfaí go bhfaighfeá deontas iomprais le cabhrú leat costas iompair phríobháidigh a chumhdach.

Seirbhísí speisialta agus tacaíocht bhreise

Cad a tharlaíonn má bhíonn deacracht ag mo pháiste le hobair scoile nó má tá deacracht foghlama aige/aici?

D'fheadfadh cúiseanna imní a bheith agat féin nó ag an múinteoir ranga faoi fhorbairt acadúil, fhisiceach, shóisialta, iompair nó mhothúchánach do pháiste. I gcásanna mar seo, d'fhéadfadh an múinteoir scagthástálacha a úsáid le plean a chur i dtoll a chéile i gcomhair cabhair bhreise do do pháiste ar scoil. Má tá ábhar imní fós ann i ndiaidh roinnt athbhreithnithe, d'fhéadfadh an múinteoir ranga, i gcomhairle leis an múinteoir tacaíocht foghlama agus/nó múinteoir acmhainne socruithe a dhéanamh faoi chineálacha eile tacaíochta.

Cé leis a ndéanfaidh mé teagmháil má tá riachtanais speisialta ag mo pháiste?

I dtosach báire, ba chóir duit an tacaíocht atá ar fáil ón scoil a phlé leis an múinteoir ranga agus/nó leis an bpríomhoide. Tá múinteoir ag gach scoil phríomhshrutha le freastal ar riachtanais daltaí a bhfuil míchumais ardteagmhais acu amhail míchumas foghlama ginearálta éadrom agus disléicse. Lena chois sin, is féidir le scoileanna acmhainní breise teagaisc a fháil do dhaltaí a bhfuil míchumais foghlama níos tromchúisí acu.

Má dhéantar measúnú ar do pháiste agus faightear amach go bhfuil riachtanais oideachais nó cúraim atá níos casta nó ísealteagmhais, d'fhéadfadh an scoil múinteoir breise a iarraidh nó, i gcás daltaí a bhfuil míchumais nó riachtanais cúraim acu, tacaíocht Cúntóir Riachtanas Speisialta (SNA/CRS) a iarraidh.

Mura bhfuil tú cinnte cén cineál ionaid – rang príomhshrutha, rang speisialta ceangailte de scoil phríomhshrutha nó scoil speisialta – ab fhearr a d'oirfeadh do do

pháiste, is féidir leat na roghanna a phlé leis an eagraí áitiúil riachtanais speisialta oideachais (SENO).

Is féidir eolas a fháil ar SENOnna ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
Le haghaidh tuilleadh eolais, déan teagmháil le:
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
1-2 Sráid an Mhuilinn
Baile Átha Troim
Co. na Mí
Teil: (046) 948 6400
R-phost: info@ncse.ie

Tá riachtanais speisialta ag mo pháiste – an dtig leis/léi iompras speisialta a fháil?

Déanaimid ár ndícheall iompras scoile a chur ar fáil do gach páiste atá ag freastal ar scoileanna speisialta agus ar ranganna speisialta i mbunscoileanna (liosta scoileanna).

Ba chóir duit iarratas a chur chuig an bpríomhoide le haghaidh iomprais speisialta nuair a chláraíonn tú do pháiste ar an scoil. Cuireann an príomhoide an t-iarratas tríd an Eagraí Riachtanais Speisialta Oideachais chuig Rannóg Iompras Scoile na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Mura bhfuil iompras ar fáil, d'fhéadfaí go bhfaighfeá deontas iomprais le cabhrú leat costas iompair phríobháidigh a chumhdach.

Cad is coimhdire bus scoile ann?

Cabhraíonn coimhdirí bus scoile le páistí a bhfuil riachtanais speisialta acu agus iad ag taisteal ar sheirbhísí iompras scoile chuig scoileanna agus ranganna speisialta agus ar ais abhaile. De ghnáth, roinneann gach dalta ar an tseirbhís an coimhdire eatarthu.

Conas is féidir liom iarratas a chur isteach ar choimhdire?

Is féidir leis an scoil iarratas a chur isteach ar choimhdire ar sheirbhís iomprais speisialta tríd an Eagraí Riachtanais Speisialta Oideachais.

An féidir liom iarratas a chur isteach ar úim?

Is féidir le scoileanna speisialta agus ranganna speisialta úim a fháil do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a bhíonn ag taisteal ar sheirbhísí iompras scoile. Is féidir leis an scoil iarratas a chur chuig an Eagraí áitiúil Riachtanais Speisialta Oideachais.

Níl ach beagán Béarla ag mo pháiste. Cén cuidiú a thugann an scoil do mo pháiste lena c(h)uid Béarla?

Foghlaimíonn páistí óga an Béarla go han-ghasta. Fiú mura bhfuil ach an-bheagán Béarla ag páiste, is iondúil go gcuirtear é/í i rang le páistí den aois chéanna. Ag an leibhéal bunscolaíochta agus iarbhunscolaíochta araon, tugtar tacaíocht bhreise teanga do dhaltaí nach é an Béarla an chéad teanga acu. Is é aidhm na tacaíochta seo a chur ar chumas daltaí aonair páirt a ghlacadh san oideachas príomhshrutha go díreach mar a dhéanann a bpiaraí.
Is iontach an acmhainn iad leabharlanna poiblí do thuismitheoirí freisin.

Cad é ról na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais?

Is seirbhís í an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) atá á maoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Is speisialaithe iad síceolaithe NEPS ar obair le pobal na scoile agus oibríonn siad le bunscoileanna agus iarbhunscoileanna araon. Baineann a gcuid oibre le foghlaim agus iompar páistí agus lena bhforbairt shóisialta agus mhothúchánach. Eagraítear an tseirbhís ar bhonn réigiúnach agus sanntar síceolaithe do ghrúpa scoileanna. Sa chás nach bhfuil síceolaí sannta do scoil, is féidir léi seirbhís a fháil ó phainéal síceolaithe atá fostaithe go neamhspleách.

Oibríonn síceolaithe le múinteoirí, tuismitheoirí agus páistí chun riachtanais oideachais a shainaithint. Nuair a bhíonn measúnú aonair de dhíth, ní féidir é a dhéanamh gan cead scríofa na dtuismitheoirí nó na gcúramóirí. Tugann

síceolaithe aiseolas ó bhéal agus scríofa do thuismitheoirí/cúramóirí chomh maith le múinteoirí.

Tá seirbhís síceolaíochta ar fáil do gach scoil i gcás teagmhais chriticiúil freisin.

Cad a dhéanaim má shílim go bhféadfaí gur ghá do shíceolaí mo pháiste a fheiceáil?

Is iondúil gurb é an chead chéim d'ábhair imní a phlé leis an múinteoir ranga agus/nó príomhoide na scoile. Is minic gur réiteach sásúil an toradh a bhíonn air seo; ní gá do gach páiste bualadh leis an síceolaí. Má bhíonn tú féin agus foireann na scoile ar aon intinn gur chabhair é tacaíocht a fháil, cuirfidh an scoil do pháiste ar aghaidh chuig síceolaí NEPS a chabhróidh leis an scoil tacú le do pháiste. Má shocraíonn do scoil measúnú trí NEPS tá an tseirbhís seo saor in aisce.

Mura bhfuil síceolaí NEPS ag do scoil, labhair leis an bpríomhoide faoi na socruithe áitiúla.
Maidir le tuilleadh eolais ar an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, féach suíomh gréasáin na Roinne.

Cad é an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta?

Cuireadh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ar bun le soláthar seirbhísí oideachais a fheabhsú do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a éiríonn as míchumais agus béim ar leith ar pháistí. Tá an NCSE freagrach, trína ghréasán Eagraithe áitiúla Riachtanais Speisialta Oideachais as uaireanta acmhainne agus cúntóirí riachtanas speisialta a dháileadh chun tacú le páistí a bhfuil riachtanais speisialta acu.

Le haghaidh tuilleadh eolais ar fheidhmeanna an NCSE, cliceáil anseo here.

Is féidir dul i dteagmháil leis an eagraí áitiúil riachtanais speisialta oideachais (SENO) a oibríonn ag an NCSE chun an tacaíocht oideachais atá de dhíth ar do pháiste a phlé. Is féidir liosta de SENOnna a íoslódáil ó
http://www.ncse.ie/contact_us/seno_list.asp

Cad é ról na Seirbhíse Tacaíocht Oideachais Speisialta?

Is é aidhm na seirbhíse, ar a dtugtar an t-acrainm SESS, cáilíocht an teagaisc agus na foghlama a fheabhsú, go háirithe do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tacaíonn an tseirbhís le baill foirne scoile atá ag obair le páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna príomhshrutha, i scoileanna speisialta agus i ranganna speisialta. Cuirtear forbairt agus tacaíocht ghairmiúil ar fáil do: príomhoidí, lucht bainistíocht scoile, múinteoirí ranga, múinteoirí ábhar, múinteoirí ranganna speisialta, múinteoirí tacaíocht foghlama agus acmhainne agus cúntóirí riachtanas speisialta.

Páirteach sa SESS tá múinteoirí, ionaid oideachais, cigirí, an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, coláistí tríú leibhéal. An Feidhmeannas Seirbhís Sláinte (FSS), ceardchumainn múinteoirí agus seirbhísí bainteacha eile.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar shuíomh gréasáin.

Cad is cúntóir riachtanas speisialta ann?

Tugann cúntóirí riachtanas speisialta (SNA/CRS) cúram do dhaltaí a bhfuil míchumais acu nó riochtaí áirithe míochaine orthu. Féadtar iad a cheapadh i scoil speisialta nó i rang speisialta nó i scoil phríomhshrutha le cuidiú le dalta(í) a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Féadann an cúntóir riachtanas speisialta bheith páirt- nó lánaimseartha agus seans go roinntear é/í idir daltaí a bhfuil tacaíocht de dhíth orthu.

Is féidir leis an scoil iarratas a chur chuig an Eagraí áitiúil Riachtanais Speisialta Oideachais (SENO) le cúntóir riachtanas speisialta a fháil.

Cad is múinteoir tacaíocht foghlama agus acmhainne ann?

Riarann múinteoir tacaíocht foghlama agus acmhainne (TF/MA) ar pháistí a bhfuil moilleanna foghlama orthu nó míchumas ardteagmhais acu amhail míchumas foghlama ginearálta éadrom agus disléicse. Cuireann siad leis an tacaíocht a thugann an múinteoir ranga. Tá tacaíocht TF/MA ag gach bunscoil.

Is é príomhaidhm na tacaíochta foghlama cuidiú le daltaí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu a litearthacht agus uimhearthacht a fheabhsú a fhad le caighdeán áirithe roimh fhágáil na bunscoile dóibh.

Cad is múinteoir acmhainne ann?

Cabhraíonn múinteoir acmhainne le scoileanna tacú le páistí a bhfuil riachtanais speisialta ísealteagmhais acu mar gheall ar mhíchumas. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith i gceist:

- lagú éisteachta nó amhairc,
- míchumas fisiceach,
- míchumas foghlama ginearálta, trom nó éadrom
- cuid mhaith míchumas ag an duine céanna,
- deacrachtaí mothúchánacha,
- uathachas, nó
- neamhord urlabhra agus teanga.

Cabhróidh an múinteoir acmhainne leis an bpáiste trí:

- riachtanais agus dul chun cinn an pháiste a mheasúnú agus a thaifeadadh;
- spriocanna sainiúla faoi cheangal ama a shocrú do gach páiste agus iad sin a aontú leis an múinteoir ranga agus an príomhoide;
- na páistí a mhúineadh, i seomra ar leith nó leis an gcuid eile den rang;
- buíonteagasc, a fhad is go bhfuil sé le leas na bpáistí atá i gceist;
- comhairle a thabhairt do mhúinteoirí ranga faoin gcuraclam a chur in oiriúint, straitéisí teagaisc, téacsleabhair feiliúnacha, teicneolaíocht na faisnéise agus bogearraí agus nithe bainteacha eile;
- cruinnithe le tuismitheoirí agus comhairle a thabhairt dóibh, in éineacht leis an múinteoir ranga, de réir mar is gá; agus
- cruinnithe gearra atá le leas an pháiste le gairmithe eile amhail síceolaithe, teiripeoirí urlabhra agus teanga, múinteoirí ar cuairt agus múinteoirí scoil speisialta nó rang speisialta.

Cad é an tseirbhís múinteoirí cuairte do pháistí a bhfuil deacrachtaí amhairc nó éisteachta acu?

Is é atá sa tseirbhís múinteoirí cuairte múinteoirí ardoilte a bhfuil saineolas acu ar lagú amhairc agus réimsí eile den oideachas speisialta. Is féidir níos mó eolais a fháil ach cliceáil ar an nasc seo chuig leathanach na Roinne ar an gceist.

Tuismitheoirí

Cad é ról an tuismitheora ?

Maítear i mBunreacht na hÉireann gurb iad na tuismitheoirí príomhoideachasóirí an pháiste. Tá an-tábhacht le tacaíocht sa bhaile maidir le forbairt do pháiste agus é/í ar an mbunscoil. Chun tacaíocht a thabhairt do do pháiste, féadann tú:

- spéis a léiriú ina bhfuil ar siúl ag do pháiste ar scoil,
- dul i gcomhairle leis an scoil faoi dhul chun cinn do pháiste,
- freastal ar chruinnithe tuismitheora/múinteora,
- labhairt leis an múinteoir ranga faoi ábhair imní ar bith a bheadh agat, agus
- iarrachtaí do pháiste a mholadh i gcónaí. Is mór acu do mholadh agus spreagfar do pháiste chun a d(h)ícheall a dhéanamh.

Cad ba chóir dom a dhéanamh mura féidir le mo pháiste dul ar scoil?

Ní mór duit a chur in iúl don scoil nach féidir le do phaiste bheith i láthair agus an fáth atá leis. Scríobh nóta gearr chuig an scoil a mhíniú cad chuige a raibh do pháiste as láthair agus cuir isteach é leis an bpáiste nuair a fhilleann siad ar an scoil. De ghnáth, bíonn fáth maith ann gan an páiste a bheith ar scoil, tinneas mar shampla.

An féidir liom mo pháiste a thabhairt ar saoire le linn an téarma?

Beidh sé deacair acu teacht suas leis an obair ina dhiaidh sin. Dá thoradh sin, d'fhéadfadh siad titim ar gcúl le hobair scoile agus misneach a chailleadh maidir lena gcumais. Comhairlíonn an tSeirbhís Leasa Oideachais de TUSLA, an Ghníomhaireacht Páistí agus Teaghlaigh go tréan do thuismitheoirí gan a gcuid páistí a thabhairt amach as an scoil chun dul ar saoire le linn an téarma.

Cad a dhéanfaidh an scoil má chailleann mo pháiste cuid mhór laethanta scoile?

Caithfidh an scoil a chur in iúl do Sheirbhís Leasa Oideachais TUSLA, an Ghníomhaireacht Páistí agus Teaghlaigh má bhíonn do pháiste as láthair ar feadh 20 lá nó níos mó le linn na scoilbhliana nó má tá imní orthu go bhfuil do pháiste ag cailleadh barraíocht laethanta ar scoil.

Cad is féidir liom a dhéanamh mura ligeann an scoil do mo pháiste freastal uirthi?

Is féidir leis an scoil páiste a chur ar fionraí nó a dhíbirt nó diúltú iad a chur ar an rolla. Mura bhfuil tú sásta leis an gcinneadh sin, is féidir achomharc chuig Ard-Rúnaí na Roinne. Is féidir é seo a dhéanamh trí Fhoirm Achomhairc a líonadh isteach ar féidir iad a fháil ó shuíomh gréasáin na Roinne. Coiste achomhairc a éistfidh an t-achomharc.

Cad is achomharc Alt 29 ann?

Trí Alt 29 den Acht Oideachais 1998, tá cead ag tuismitheoirí, agus ag daltaí a bhfuil aois 18 mbliana bainte amach acu, cinntí áirithe a dhéanann bord bainistíochta scoile a achomharc. Is féidir cinneadh a achomharc chun:

- dalta a eisiamh go buan (díbirt),
- dalta a chur ar fionraí ó scoil ar feadh níos mó ná 20 lá scoile in aon scoilbhliain amháin, nó
- diúltú dalta a chlárú ar an rolla.

Le haghaidh tuilleadh eolas ar an bpróiseas achomhairc, cliceáil anseo.

Cad is teagasc baile ann?

Is é an fheidhm atá leis an Scéim Teagasc Baile seirbhís chúitimh oideachas baile a sholáthar do pháistí nach bhfuil, ar roinnt cúiseanna amhail tinneas tromchúiseach, in ann freastal ar scoil. Soláthraíonn an scéim seirbhís chúitimh oideachas baile do pháistí atá ag fanacht le socrúchán cuí oideachais agus do pháistí réamhscoile a bhfuil uathachas orthu.

Is soláthar eatramhach amháin é Teagasc Baile agus níor chóir é a mheas mar rogha eile ar áit ar scoil.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó:
http://www.education.ie/ga/Tuismitheoirí/Seirbhísí/Teagasc-Baile-leanaí-le-riachtanais-speisialta-oideachais-coinníollacha-leighis/Teagasc-Baile-Eolas.html

An bhfuil cead agam mo pháiste a theagasc sa bhaile?

Faoin Acht Oideachais (Leas), 2000 tá de cheart agat oideachas a thabhairt do do pháiste taobh amuigh den scoil, sa bhaile mar shampla. Má shocraíonn tú ar oideachas a thabhairt do do pháiste taobh amuigh den scoil, caithfidh tú clárú leis an tSeirbhís Leasa Oideachais. Déanfaidh Seirbhís Leasa Oideachais na gníomhaireachta measúnú ar an oideachas a chuireann tú ar fáil.

Cad a tharlaíonn má tá mo theaghlach ag bogadh chuig ceantar nua i bhfad ón scoil?

Is tábhachtach a chur in iúl don scoil go bhfuil do pháiste ag imeacht agus nach mbeidh sé/sí ag filleadh. Ba chóir duit a iarraidh ar an bpríomhoide tuairisc a thabhairt duit ar dhul chun cinn do pháiste. Nuair a chláraíonn tú do pháiste ar scoil nua, ba chóir duit cóip den tuairisc ón scoil deiridh a thabhairt don phríomhoide. Má thug an scoil leabhair scoile nó earraí eile daoibh, tabhair ar ais iad roimh imeacht.

Tacaíocht do thuismitheoirí

An dtagann tuismitheoirí i gceann a chéile mar ghrúpa?

Tá comhairle tuismitheoirí ag formhór na scoileanna agus bíonn fáilte roimh gach tuismitheoir bheith páirteach. Is é an Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí an grúpa ionadaíoch do thuismitheoirí ag leibhéal na bunscoile.
Féach freisin: **Céard é an Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí – bunscoil?**

Conas is féidir liom teacht ar ranganna Béarla agus cúrsaí oideachais d'aosaigh?

Is iad na Boird Oideachais agus Oiliúna (BOO) a chuireann seirbhísí litearthachta d'aosaigh ar fáil.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó:

- d'Eagraí BOO áitiúil do Litearthacht d'Aosaigh,
- An Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (NALA), ag a bhfuil uimhir Saorfhóin, **1800 20 20 65,** agus eolas ar a suíomh gréasáin www.nala.ie

Cad é an Scéim Chaidrimh Bhaile Scoile?

Is tionscnamh de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna (DES) í an Scéim Chaidrimh Bhaile Scoile (HSCL) a cuireadh ar bun le dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais ar aon dul le tionscnamh DEIS (Delivering Equality Of Opportunity In Schools). Feidhmíonn an scéim trí chomhpháirtíochtaí a fhorbairt idir tuismitheoirí, múinteoirí agus an pobal le deiseanna foghlama daltaí a fheabhsú agus cabhrú chun iad a choinneáil agus bheith rannpháirteach sa chóras oideachais.

Foireann náisiúnta cheannasaíochta laistigh d'Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí Sheirbhísí Leasa Oideachais na Gníomhaireachta Páistí agus Teaghlaigh a bhainistíonn agus a chomhordaíonn Scéim HSCL.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar shuíomh gréasáin TUSLA ach cliceáil anseo .

Cén áit ar féidir liom teacht ar ranganna Gaeilge?

Gach seans go n-eagraíonn do Ghaelscoil áitiúil ranganna Gaeilge. Gheobhaidh tú amach an bhfuil a leithéid i do cheantar ar Liosta na mBunscoileanna. Is féidir tuilleadh eolais a fháil freisin ó shuíomh gréasáin Gael Linn http://www.gael-linn.ie.

Cad é an Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí – bunscoil ?

Is eagraíocht náisiúnta í an Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí (NPC) a dhéanann ionadaíocht ar son tuismitheoirí páistí sa luathoideachas agus san oideachas bunscoile.

Soláthraíonn an NPC líne chabhrach agus eolais atá ar oscailt do gach tuismitheoir. Tugtar seirbhís tacaíochta, éisteachta agus eolais chun cabhrú le tuismitheoirí

freagairt do riachtanais oideachais a gcuid páistí. Lena chois sin, eagraíonn NPC réimse leathan de chúrsaí, cainteanna agus ceardlanna trína mbrainsí contae.

Le haghaidh tuilleadh eolais, breathnaigh suíomh gréasáin na Comhairle Náisiúnta Tuismitheoirí, www.npc.ie.

Céard é an Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí – Iarbunscoil?

Is scátheagras é an Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí – Iarbunscoil ar a bhfuil ionadaíocht ó thuismitheoirí tofa ó roinnt de na hearnálacha oideachas iarbhunscoile. Is féidir dul i dteagmháil leo ag Aonad 5, Ionad Gnó Ghlas Naíon, Bóthar Bhaile Uí Bhogáin, Baile Átha Cliath 11. Teil 01 8302740 nó r-phost: npcpp@eircom.net

Cén áit ar féidir liom rochtain saor in aisce idirlín a fháil?

Cuireann leabharlanna agus Ionaid Eolais do Shaoránaigh rochtain saor in aisce idirlín ar fáil.

Oideachas Tríú Leibhéal

Cad is Ardoideachas ann?

7 n-ollscoil, 14 Institiúid Teicneolaíochta, lena n-áirítear Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus 7 gColáiste Oideachais a sholáthraíonn an t-ardoideachas. Tá rochtain daltaí, agus iad ag dul chun cinn ó oideachas iarbhunscoile go dtí an t-ardoideachas bunaithe ar an Ardteistiméireacht, an scrúdú a chomhlánaítear ag deireadh na scoile dara leibhéal. Is é an Lár-Oifig Iontrála a phróiseálann iarratais ar iontráil cúrsaí fochéime in ollscoileanna, coláistí oideachais, institiúidí teicneolaíochta agus roinnt institiúidí ardoideachais eile. Is é aidhm an chórais iarratais a phróiseáil go lárnach agus plé leo ar dhóigh éifeachtach, chothrom. Coinníonn na hinstitiúidí an fheidhm déanta cinntí ar iontrálacha.

Tá slite iontrála eile ann do chatagóirí eile mac léinn, mar shampla mic léinn aibí agus daoine ar mian leo freastal ar institiúidí nach n-úsáideann áis iarratais CAO. Ba chóir do dhaoine ar mian leo bheith ina mic léinn teagmháil a dhéanamh lena rogha institiúide leis an bpróiseas atá i gceist i gcásanna den sórt a dheimhniú.
Maidir le roinnt cúrsaí, d'fhéadfadh riachtanais a bhaineann le hábhair shainiúla bheith i gceist agus ba chóir do mhic léinn ionchais suíomh idirlín CAO a sheiceáil, nó dul i dteagmháil leis an institiúid atá i gceist leis na riachtanais a bhaineann leis an gcúrsa is mian leo a dhéanamh a dheimhniú.

Tá liosta iomlán coláistí ar fáil ag an nasc seo www.colleges.ie

Is é an tÚdarás um Ardoideachas an foras reachtúil pleanála agus forbartha don ardoideachas agus taighde in Éirinn. Tá cumhachtaí leathana comhairleacha ag an UAO a bhaineann le réimse iomlán na hearnála oideachas tríú leibhéal. Lena chois sin, is é an t-údarás maoinithe é do na hollscoileanna, na hinstitiúidí teicneolaíochta agus institiúidí ainmnithe eile ardoideachais.

Tionscnamh Táillí Saor in Aisce

Ní gá do bhunús na mac léinn fochéime a bhíonn ag freastal ar chúrsaí tríú leibhéal a mhaoinítear go poiblí táillí teagaisc a íoc. Ina ionad sin, faoi théarmaí an Tionscnamh Táillí Saor in Aisce, íocann an Roinn Oideachais agus Scileanna ná táillí leis na coláistí.

Chun go mbeifeá i dteideal táillí saor in aisce, chaithfeá bheith i do chónaí i mballstát de chuid an LEE nó sa Eilvéis ar feadh ar a laghad 3 bliana as na cúig bliana roimh thús do chúrsa. Is iad ballstáit an LEE (Limistéar Eorpach Eacnamaíoch) ballstáit an AE, chomh maith leis an Íoslainn, an Iorua agus Lichtinstéin.

Caithfidh tú freisin, critéar amháin de na 6 chritéar seo a leanas a chomhlíonadh i dtaca le saoránacht agus cearta cónaithe in Éirinn de:

Ní mór duit:

1. Bheith i do shaoránach de bhallstát de chuid an LEE (féach thuas) nó na hEilvéise nó
2. Stádas oifigiúil dídeanaí a bheith agat nó

3. Bheith i do bhall de theaghlach dídeanaí agus cead tugtha duit cónaí sa Stát nó
4. Bheith i do bhall de theaghlach saoránach AE agus cead agat cónaí sa Stát agus stampa “4EUFAM” ar do chárta cónaithe nó
5. Cead daonnúil tugtha duit fanacht sa Stát nó
6. Cead tugtha duit fanacht sa Stát ag an Aire Dlí agus Cirt, i ndiaidh don Aire cinneadh a dhéanamh gan ordú díbeartha a dhéanamh faoi Alt 3 den Acht Inimirce 1999.

Ón mbliain acadúil 2013/14 d’fhéadfadh mic léinn a fhaigheann saoránacht LEE le linn a gcuid staidéir bheith i dteideal táillí saor in aisce don chuid eile dá gcúrsa faoi réir critéir áirithe a chomhlíonadh.

Caithfidh tú na 3 cheanglais cúrsa seo a leanas uile a chomhlíonadh freisin:

1. Ní mór duit bheith ag gabháil do chúrsa lánaimseartha a mhaireann dhá bhliain ar a laghad (nó cúrsaí níos giorra áirithe in institiúidí teicneolaíochta).
2. Ní mór duit bheith i d’fhochéimí céaduaire lánaimseartha. (D’fheadfaí cáilíochtaí fochéime a bhí agat cheana, áfach, a thabhairt san áireamh sa chás go go dtugtar díolúintí do mhac léinn atá ag gabháil do cháilíocht fochéime níos airde, a fhad le huasmhéid Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí.
3. De ghnáth, caithfidh tú gan bheith ag gabháil don bhliain athuair de dheasca gur theip ort sna scrúduithe nó gur aistrigh tú chuig cúrsa nua. Is féidir an t-eisiamh seo a tharscaoileadh má athdhéanann tú bliain ar an gcúrsa céanna mar gheall ar thinneas tromchúiseach deimhnithe. Tá roinnt eisceachtaí ann freisin do mhic léinn in institiúidí teicneolaíochta atá ag malartú cúrsaí.

Baineann na socruithe táillí saor in aisce le cúrsaí fochéime in:

- Ollscoileanna agus coláistí ainmnithe
- Institiúidí teicneolaíochta
- Coláistí oideachais a mhaoinítear go poiblí
- Coláistí áirithe eile a fhaomhtar faoin Tionscnamh Táillí Saor in Aisce.

Tá na critéir iomlána a bhaineann leis an Tionscnamh Táillí Saor in Aisce agus na hInstitiúidí a mbaineann an scéim leo maidir le cúrsaí faofa liostaithe ar www.studentfinance.ie.

Ní bhaineann táillí saor in aisce le cúrsaí i gcoláistí príobháideacha, is cuma cé acu atá nó nach bhfuil faomhadh Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) acu nó nach bhfuil. Ní chiallaíonn cúrsa a bheith liostaithe ag an Lár-Oifig Iontrála (CAO) gur leor an méid sin le cúrsa *táillí saor in aisce* a dhéanamh de.

Le haghaidh tuilleadh eolais ar shaoránacht, logáil ar www.justice.ie

Táillí AE

Mura bhfuil tú incháilithe ar tháillí saor in aisce, d'fhéadfá bheith incháilithe fós ar *rátaí tháillí AE*, má chomhlíonann tú critéar acu seo thíos:

- Ceann amháin de na 6 chritéar saoránachta agus cearta cónaithe atá liostaithe thuas a chomhlíonadh ach gan gach ceann de na 3 cheanglas cúrsa atá liostaithe thuas a chomhlíonadh (mar shampla, is saoránach Éireannach tú atá ag athdhéanamh bliana óir gur theip ort) nó
- Gan aon cheann de na 6 chritéar saoránachta agus cearta cónaithe atá liostaithe thuas a chomhlíonadh ach gur cónaitheoir cánach tú ar feadh roinnt blianta i mballstát de chuid an LEE nó san Eilvéis. (Ach ós rud é gur forais uathrialaitheacha iad na hinstitiúidí tríú leibhéal, tá sé seo faoi dhiscréid na hinstitiúide atá i gceist.)

Mura bhfuil tú incháilithe ar tháillí AE, is féidir táillí neamh-AE a ghearradh ort. Socraíonn gach institiúid oideachais tríú leibhéal a rátaí táillí féin. Ba chóir duit dul i dteagmháil leis na hinstitiúidí a bhfuil spéis agat iontu le níos mó eolais a fháil ar a gcuid táillí – féach 'Cén áit a ndéanaim iarratas?' thíos.

Táillí iarchéime

De ghnáth, bíonn ort táillí a íoc as cúrsa iarchéime. Is féidir, áfach, cúnamh airgeadais a fháil faoin Scéim Deontas Mac Léinn. Bíonn daoine a chomhlíonann na coinníollacha incháilíochta don ráta speisialta deontais faoin Scéim Deontas Mac Léinn incháilithe ar a dtáillí iarchéime a bheith íoctha a fhad le huasteorainn táille €6,270. Taobh amuigh de sin, d'fhéadfadh mic léinn iarchéime bheith incháilithe ar ranníocaíocht €2,000 a bheith íoctha i leith chostais a dtáillí. Is é €31,500 an tairseach ioncaim don íocaíocht seo sa bhliain acadúil 2103/14, ag méadú de réir líon na gcleithiúnaithe teaghlaigh. San am i láthair, níl tacaíocht chothaithe ar fáil do mhic léinn ag iontráil cúrsaí iarchéime.

Tá cúrsaí iarchéime faoin gClár Iompaithe Scileanna Céimithe saor, lánaimseartha agus dian.

Ranníocaíocht Mic Léinn

Tá ranníocaíocht Mic Léinn, muirear seirbhísí mic léinn roimhe seo, iníoctha ag mic léinn iarchéime. Cumhdaíonn an ranníocaíocht seo seirbhísí agus scrúduithe mic léinn. Ba é €2,500 an ráta ranníocaíochta do bhliain acadúil 2013-2014.

Buiséad 2013: Fógraíodh gur €2,750 i 2014-2015 agus €3,000 in 2015-2016 an ranníocaíocht mic léinn a bheidh i gceist.

Má fhaigheann tú Liúntas um Filleadh ar Oideachas (BTEA) d'fhéadfá bheith incháilithe ar dhíolúine ar an ranníocaíocht mic léinn ach caithfidh tú téarmaí agus coinníollacha na scéime deontas mac léinn a chomhlíonadh.

Deontais mac léinn

Tugtar tacaíocht do mhic léinn incháilithe trí dheontais mac léinn. Tá dhá eilimint ag baint leis an deontas mac léinn – deontas cothaithe agus deontas táille. Is ranníocaíocht i leith costais mhaireachtála é an deontas cothaithe. Féadann deontas táille na nithe seo a leanas a chumhdach:

- Do tháillí teagaisc uile nó cuid díobh
- Do ranníocaíocht mic léinn uile nó cuid di
- Costais turais allamuigh éigeantacha

Má bhíonn tú incháilithe ar dheontas cothaithe, is iondúil go mbíonn tú incháilithe ar dheontas táille.

Mura bhfuil tú incháilithe ar dheontas cothaithe ach go bhfuil ioncam do theaghlaigh faoi theorainn áirithe, d'fheadfá bheith i dteideal páirtdeontas táille. Ciallaíonn sé seo go mbeidh tú díolmhaithe ar 50% den ranníocaíocht mic léinn nó díolmhaithe ar 50% d'aon táillí teagaisc agus den ranníocaíocht mic léinn ar fad.

Le haghaidh tuilleadh eolais ar dheontais mac léinn, cliceáil anseo ar www.susi.ie

Breisoideachas agus Oiliúint

Cumhdaíonn breisoideachas oideachas agus oiliúint a tharlaíonn i ndiaidh na scolaíochta dara leibhéal ach nach cuid den chóras tríú leibhéal é. Tá roinnt soláthraithe Breisoideachais agus Oideachas Aosaigh agus Oiliúna ann agus réimse leathan de scoileanna, eagraíochtaí agus institiúidí atá bainteach le soláthar oideachas agus oiliúint leanúnach do dhaoine óga atá ag fágáil na scoile agus do dhaoine fásta.

Is iondúil go mbíonn teastasú in earnáil an Bhreis- agus Ardoideachais agus Oiliúna ailínithe leis an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí – creat dámhachtana 10 leibhéal atá ailínithe le Creat Cáilíochtaí na hEorpa. Dearbhaíonn Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann cáilíocht institiúidí breis- agus ardoideachais agus oiliúna, bailíochtaíonn cláir oideachais agus bronann dámhachtainí ar fhoghlaimeoirí.

Soláthraithe Oideachais agus Oiliúna d'Aosaigh

Is iad na Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOnna) agus SOLAS an dá phríomhsholáthraí sa bhreisoideachas agus oideachas d'aosaigh. Is é SOLAS an tÚdarás nua Breisoideachais agus Oiliúna in Éirinn. Tá sé freagrach as maoiniú, pleanáil agus comhordú cláir oiliúna agus breisoideachais. Aistreofar iarionaid oiliúna FÁS go dtí na BOOnna le linn 2014 agus go dtí go gcomhlánófar an próiseas seo is é SOLAS a bhainisteoidh an oiliúint a chuireann na hionaid oiliúna ar fáil.

Rannpháirtíocht Imirceach sa Bhreisoideachas

Cláir Bhreisoideachais a Rochtain

Tá daoine nach saoránaigh Éireannacha iad san catagóirí seo a leanas i dteideal rochtain saor in aisce ar chúrsaí Breisoideachais (PLC, VTOS, Youthreach, BTEI, Litearthacht Aosach agus Oideachas Pobail) ar an mbonn céanna le saoránaigh Éireannacha:

- saoránaigh AE;
- daoine a bhfuil stádas dídeanaí acu in Éirinn;
- daoine atá sa Stát mar fhear/bean chéile saoránach AE, sa chás ar bhog an saoránach AE ó thír go chéile laistigh den AE le bheith ag obair;

- daoine (céile agus páistí san áireamh) ar tugadh cead dóibh fanacht sa Stát ar chúiseanna **daonnúla**;
- daoine ar tugadh cead dóibh fanacht sa Stát mar thuismitheoirí páiste a rugadh in Éirinn;
- iarrthóirí tearmainn ar tugadh cead dóibh bheith ag obair faoi théarmaí chinneadh de chuid an rialtais den 26 Iúil 1999.

Tá iarrthóirí tearmainn nach bhfuil teidlíocht oibre acu i dteideal rochtain saor in aisce ar na tacaíochtaí seo amháin; litearthacht d'aosaigh, Béarla agus cultúir dúchais.

Taobh amuigh díobh sin, ní mór an táille iomlán geilleagrach ar chúrsaí Breisoideachais a íoc.

Soláthar Litearthachta d'Aosaigh

Soláthraíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna oiliúint Bhéarla d'inimircigh fásta (Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile, ESOL) tríd an mbuiséad litearthachta d'aosaigh. Maoinítear roinnt teagasc ESOL freisin trí Chlár an Tionscnaimh Filleadh ar Oideachas (BTEI). Leithroinntear ciste ar BOOnna, na príomhsholáthraithe teagasc ESOL.

Soláthar Eile atá ar Fáil

Leanfaidh lucht imirce, oibrithe agus dídeanaithe san áireamh, de bheith in ann réimse cúrsaí a rochtain, lena n-áirítear teanga agus litearthacht an Bhéarla, a sholáthair Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOnna) riamh anall faoin Scéim Litearthachta d'Aosaigh agus Oideachais Phobail (ALCES) agus an Tionscnamh Filleadh ar Oideachas (BTEI), arb í an Roinn a mhaoiníonn iad beirt.

Eolas Úsáideach agus Naisc

Cuardaigh scoil - liosta scoileanna
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) – www.ncse.ie
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) – www.ncca.ie
TUSLA, Gníomhaireacht Páistí agus Teaghlaigh, Seirbhís Leasa Oideachais - www.newb.ie
Comhairle Náisiúnta Tuismitheoirí www.npc.ie
Comhairle Náisiúnta Tuismitheoirí - Iarbhunscolaíocht - www.npcpp.ie

Do Pháiste ar an mBunscoil –Leideanna do Thuismitheoirí
http://www.into.ie/ROI/Publications/TipsforParents/
Introducing Your Second Level School (Post Primary)

Aonad um Chur Chun Cinn na Sláinte - http://www.healthpromotion.ie/publications/
Clár Tacaíochta Curaclam Bunscoile (PCSP) - ppds.ie - Primary Curriculum Support Programme
Tacaíocht Phleanála Forbairt Scoile (Bunscolaíocht) - SDPS (Primary)
An Roinn Páistí agus Gnóthaí Óige - www.dcya.gov.ie
An Roinn Coimirce Sóisialaí - www.welfare.ie
An Roinn Sláinte agus Páistí - www.doh.ie
Gníomhaireacht um Imeascadh Dídeanaithe - www.ria.gov.ie
Suíomh Gréasáin Faisnéis do Shaoránaigh - www.citizensinformation.ie
An Oifig um Imeascadh Imirceach - www.integration.ie